Vacsaíniú agus scéalta eile

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi vacsaíniú san Aontas Eorpach agus scéalta eile. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

living
cut off from
they breached their contract
contingency plans
to deliver
to institute legal proceedings
a matter of regret
innovation
in which many challenges were overcome
manufacturing
denied
allegations

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3 *Cum ceisteanna*

Bain úsáid as na focail thíos chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin mír:

cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit,

Ceist 4 '…nár léirigh siad meas ar an gcomhaontú a bhí déanta **eatarthu** …'

Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhforainm réamhfhoclach cuí:

1. Níl Seán sásta. Theip _____ sna scrúduithe.
2. Ná bac leis an madra sin. Ná bíodh aon eagla _____ _____.
3. Ní maith le Máire a bheith sa ghluaisteán le Pól mar níl aon mhuinín _____ _____.
4. Tá Caoimhín ag súil le Bríd a fheiceáil. Réitíonn sé go maith _____.
5. Beidh John ag cur _____ sna Stáit Aontaithe an bhliain seo chugainn.
6. Dúirt mo chara liom a bheith cúramach. Mhol sí _____ gan dul.
7. Ní bheidh Síle ag teacht anocht. Tá slaghdán _____.
8. Nach bhfuil aithne agat ar André? Tá gruaig dhubh _____ agus tá súile móra glasa _____.

Ceist 5 '… **gur** cúis aiféala dóibh…'

ACH

gurb aisteach an scéal é

A. Cén fáth gur 'gurb' atá sa dara sampla thuas?
B. Líon na bearnaí sna habairtí seo anois leis an bhfocal ***gur*** nó leis an bhfocal ***gurb***. Tá na habairtí ar fad san aimsir láithreach.

1. Is cosúil _____ fear deas é.
2. Deirtear _____ amhlaidh an scéal.
3. Deir sí _____ le Máire an cat.
4. Is mór an trua _____ ise an múinteoir.
5. Ceapaim _____ innealtóir atá sa bhean sin.
6. Is dócha _____ as an Fhrainc í.
7. Dúradh liom _____ ionann an dá leabhar.
8. Sílim _____ é an leabhar is fearr ar domhan é.
9. Is cinnte _____ duine maith é.
10. Chuala mé _____ eisean a bhí ina mhúinteoir.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú faoi Boris Johnson agus Rialtas na Breataine faoi láthair? Cén fáth?
2. An bhfuil an ceart ag an AE AstraZeneca a thabhairt chun na cúirte? Cén fáth?
3. Cathain a gheobhaidh tú féin an vacsaín?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

living – *ag maireachtáil*
cut off from – *scartha amach*
they breached their contract – *sháraigh siad a gconradh*
contingency plans – *pleananna teagmhais*
to deliver – *a sheachadadh*
to institute legal proceedings – *imeachtaí dlí a thionscnamh*
a matter of regret – *cúis aiféala*
innovation – *nuálaíocht*
in which many challenges were overcome – *inar sáraíodh oiread dúshlán*
manufacturing – *déantúsaíocht*
denied – *séanta*
allegations – *líomhaintí*

Ceist 2
Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

Ceist 3
Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic is a luaitear *Johnson & Johnson*?
Cad chuige a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag tabhairt AstraZeneca chun na cúirte?
Cén chaoi a mbeidh vacsaín *Johnson & Johnson* á húsáid in Éirinn?
Cad is brí le NIAC?
Cé atá sna páipéir nuachta sa Bhreatain faoi láthair?
Cathain a bheidh vacsaín *Johnson & Johnson* á húsáid in Éirinn?
Conas a sháraigh AstraZeneca a chonradh?
Cén tslí ar sháraigh AstraZeneca a chonradh?
Cén fáth ar sháraigh AstraZeneca a chonradh?
Céard a dúirt Ben Wallace?
Cén áit a bhfuil na líomhaintí i gcoinne Boris Johnson le feiceáil?

Ceist 4
1. Níl Seán sásta. Theip **air** sna scrúduithe.
2. Ná bac leis an madra sin. Ná bíodh aon eagla **ort roimhe**.
3. Ní maith le Máire a bheith sa ghluaisteán le Pól mar níl aon mhuinín **aici as**.
4. Tá Caoimhín ag súil le Bríd a fheiceáil. Réitíonn sé go maith **léi**.
5. Beidh John ag cur **faoi** sna Stáit Aontaithe an bhliain seo chugainn.
6. Dúirt mo chara liom a bheith cúramach. Mhol sí **dom** gan dul.
7. Ní bheidh Síle ag teacht anocht. Tá slaghdán **uirthi**.
8. Nach bhfuil aithne agat ar André? Tá gruaig dhubh **air** agus tá súile móra glasa **aige**.

Ceist 5
A. Úsáidtear ***gurb*** in áit ***gur*** san aimsir láithreach:
- roimh aidiachtaí a thosaíonn le guta (*sílim gurb aisteach an duine é*)
- roimh na forainmneacha **ea, é/eisean, í/ise, iad/iadsan** (*is cosúil gurb ise atá ann*)
- roimh dhobhriathra a thosaíonn le guta (*deir sé gurb amhlaidh atá*)

B.
1. Is cosúil **gur** fear deas é.
2. Deirtear **gurb** amhlaidh an scéal.
3. Deir sí **gur** le Máire an cat.

4. Is mór an trua **gurb** ise an múinteoir.
5. Ceapaim **gur** innealtóir atá sa bhean sin.
6. Is dócha **gur** as an Fhrainc í.
7. Dúradh liom **gurb** ionann an dá leabhar.
8. Sílim **gurb** é an leabhar is fearr ar domhan é.
9. Is cinnte **gur** duine maith é.
10. Chuala mé **gurb** eisean a bhí ina mhúinteoir.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois, tuigtear go molfaidh NIAC go n-úsáidfí vacsaín *Johnson & Johnson* dóibh siúd os cionn caoga bliain d'aois. D'fhéadfaí é a úsáid chomh maith do dhaoine níos óige mura bhfuil aon vacsaín eile ar fáil dóibh agus dóibh siúd atá ag maireachtáil in áiteanna atá scartha amach. Chomh maith, tá sé ráite ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil siad chun an dlí a chur ar an gcomhlacht AstraZeneca.

Caoimhe Ní Laighin
D'ordaigh an tAontas Eorpach 120 milliún dáileog den vacsaín de chuid AstraZeneca, ach níl ach 31 milliún dáileog faighte faoin tráth seo. Deir an tAontas Eorpach gur cuireadh moill ar thús clár vacsaínithe ar fud na hEorpa dá bharr. Deir an Eoraip gur sháraigh AstraZeneca a gconradh, nár léirigh siad meas ar an gcomhaontú a bhí déanta eatarthu agus gur theip orthu pleananna teagmhais eile a dhéanamh chun go gcinnteofaí go ndéanfaí dáileoga de chuid na hEorpa a sheachadadh in am.

Bhagair an Coimisiún Eorpach an dlí ar AstraZeneca cheana féin, ach anois tá sé ráite acu go bhfuil siad tar éis imeachtaí dlí a thionscnamh[1].

I ráiteas inniu, dúirt AstraZeneca gur cúis aiféala dóibh an cinneadh atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach iad a thabhairt chun na cúirte. Deir siad nach raibh a leithéid de bhliain ann riamh roimhe seo, ina raibh oiread nuálaíochta ag teastáil agus inar sáraíodh oiread dúshlán ó thaobh déantúsaíochta agus eolaíochta de. Dúirt siad go raibh siad ag súil go mór leis an deis dul chun na cúirte chun iad féin a chosaint.

Anseo in Éirinn, tá súil go dtabharfaidh NIAC a mbeannacht don vacsaín de chuid *Johnson & Johnson* le húsáid i measc daoine os cionn caoga bliain d'aois.

Idir an dá linn, tá sé séanta go láidir ag aire sinsearach sa mBreatain go ndúirt Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, gurbh fhearr leis dá mbeadh na coirp ag carnadh ina mílte ná dianghlasáil eile a thabhairt i bhfeidhm sa tír sin. Tá líomhaintí éagsúla déanta sa nuachtán *The Daily Mail* i gcoinne Boris Johnson, ina measc, go ndúirt sé an méid sin faoi shrianta eile a thabhairt i bhfeidhm agus líomhaintí faoin láimhseáil a rinne sé ar an bpaindéim. Ní ainmnítear aon fhoinse sa tuairisc. Dúirt Rúnaí Cosanta na Breataine, Ben Wallace, ar *Sky News* nach bhfuil fírinne ar bith ann. Níor chuir *The Daily Mail* aon ráiteas eile ar fáil.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *a thionscain* a dúradh